Nuashonrú 2010



# Ag aimsiú poist san Eoraip:

## treoir don lucht cuardaigh fostaíochta

EURES

DO PHOST SAN EORAIP

eures.europa.eu

An Coimisiún Eorpach

Ní bheidh an Coimisiún Eorpach ná aon duine a ghníomhaíonn ar son an Choimisiúin freagrach as aon úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an eolas atá san fhoilseachán seo.

© Grianghraif: Fotosearch (clúdach), istockphoto.com (lgh. 1,2,9,10), Aontas Eorpach (lgh. 6,7,11,12), gem (lgh. 13)

Le haghaidh aon úsáide nó atáirgthe grianghraf nach bhfuil faoi chóipcheart an Aontais Eorpaigh, ní mór cead a fháil ón sealbhóir cóipchirt (ó na sealbhóirí cóipchirt) féin.

Seirbhís is ea Europe Direct a chabhróidh leat freagraí a fháil ar do cheisteanna maidir leis an Aontas Eorpach

**Uimhir shaorghlao (*):**

**00 800 6 7 8 9 10 11**

(*) Ní cheadaíonn oibritheoirí teileafóin soghluaiste áirithe rochtain ar uimreacha 00 800 nó d'fhéadfai airgead a ghearradh ar na glaonna seo.

Tá breis eolais faoin Aontas Eorpach le fáil ar an Idirlíon (http://europa.eu).

Tá sonraí catalógaithe ar fáil ag deireadh an fhoilseacháin seo.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2010

ISBN 978-92-79-15968-8

doi:10.2767/61803

© An tAontas Eorpach, 2010

Is ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, ach an fhoinse a admháil

*Printed in Germany*

Arna chlóbhualadh ar pháipéar bán go hiomlán saor ó chlóirín (TCF)



# Ag obair i dtír eile – leag do shúil ar an todhchaí

Tá níos mó de mhuintir na hEorpa, idir óg agus aosta, anois ag roghnú cónaí agus maireachtáil i dtír éigin eile. De réir a chéile, tá tuiscint níos fearr ag daoine ar na buntáistí a bhaineann le taithí phroifisiúnta a fháil i dtír Eorpach eile. Is féidir, trí bheith ag obair thar lear, cur le do chuid scileanna agus leis na deiseanna atá agat post níos fearr a fháil i do thír féin. Glactar le Prionsabal um *Shaorghluaiseacht Oibrithe*[1] de chuid an Aontais Eorpaigh mar cheann de na cearta is tábhachtaí atá ag saoránaigh an AE. Ciallaíonn sé gur féidir le duine bogadh chuig tír ar bith san AE, mar aon leis an Iorua, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Eilvéis. Dá bhrí sin, ciallaíonn sé go bhfuil an iliomad deiseanna ar fáil do lucht cuardaigh fostaíochta a bhfuil fonn oibre orthu agus a bhfuil sé d'acmhainn acu bogadh chuig áit éigin eile, agus níl easpa saineolaithe ann ach oiread chun comhairle agus eolas a chur ar dhaoine.

- **Deis chun scileanna nua proifisiúnta agus pearsanta a fhorbairt.** Teanga nua a fhoghlaim, cur le do thaithí phroifisiúnta, agus feabhas a chur ar do chuid scileanna cumarsáide: ciallaíonn maireachtáil agus obair thar lear go mbíonn deis ag daoine 'cur go suntasach' lena CV.
- **Tuiscint mhéadaithe ar thíortha agus ar chultúir eile.** Is ilchríoch iontach éagsúil í an Eoraip. Éiríonn le daoine tuiscint iontach maith a fháil ar chultúir agus ar nósanna maireachtála nua trí iad féin a thumadh sa saol i dtír éigin eile, agus ar ndóigh deis a bhíonn ann freisin eolas faoi do thír dhúchais a roinnt le daoine eile.
- **An dtaitneoidh obair thar lear leatsa?** Mura bhfuil tú cinnte, téigh sa tóir ar obair shéasúrach nó obair shealadach. Ar an tslí sin, ní bheidh ort conradh fadtéarmach a shíniú ach beidh deis agat taithí luachmhar a fháil agus bualadh le daoine nua.

Is buntáistí ar fad a bhaineann le scileanna nua a fhoghlaim agus taithí phroifisiúnta idirnáisiúnta a fháil. Cabhróidh an t-eolaí seo leat eolas a fháil ar na deiseanna éagsúla atá san Eoraip.

[1] **An bhfuil ceadúnas oibre ag teastáil?**
D'fhéadfadh go mbeadh rochtain theoranta ag saoránaigh áirithe de chuid na hEorpa ar mhargadh fostaíochta na hEorpa ar feadh tréimhse áirithe, ag brath ar cathain a áiríodh a dtír féin san AE. Beidh EURES in ann insint duit cad iad na tíortha ar féidir leat bogadh chucu agus cad iad na tíortha sin a éilíonn ceadúnas oibre.

# Rudaí le cíoradh roimh bhogadh thar lear



Ar ndóigh, bíonn go leor rudaí éagsúla le cur san áireamh roimh duit cinneadh a dhéanamh bogadh thar lear. Seo léargas ar cúpla rud nach mór a chur san áireamh roimh duit tabhairt faoin mbogadh.

- **An féidir leat post a fháil?** Túsphointe maith agus post á chuardach agat thar lear ná eolas a fháil faoi na roghanna ar fad atá ann agus iarratas a dhéanamh ar phoist agus tú fós lonnaithe sa bhaile. Bí cinnte go bhfaighidh tú gach eolas cuí maidir leis na tíortha sin a bhfuil tóir acu ar oibrithe le do chúlra agus do thaithí agus labhair le daoine a bhfuil tuiscint acu ar an margadh saothair sna tíortha atá i gceist.
  Cuimhnigh nach gá duit cloí le do ghairm féin i dtús báire. Má tá ar do chumas bogadh chuig tír eile beidh deis agat breisoideachas agus oiliúint phroifisiúnta a fháil mar aon le hiarratas a dhéanamh ar intéirneachtaí, agus deiseanna eile nach iad. Má shíleann tú nach bhfuil an taithí chuí agat le haghaidh post faoi leith, smaoinigh ar chúrsaí staidéir a dhéanamh thar lear ionas go mbeidh na scileanna cuí agat, agus teanga nua á foghlaim ag an am céanna freisin.
- **An bhfuil an teanga agat?** Tá gach seans ann go n-éileoidh d'fhostóir eolas éigin ar an teanga dhúchais, agus ar ndóigh má tá roinnt Béarla is amhlaidh is fearr é. An bhféadfá tabhairt faoi chúrsa teanga sula n-imíonn tú – fiú amháin mura bhfuil a leithéid sonraithe mar réamhriachtanas don phost, is scil bhreise é le cur ar an CV.
- **An aithneofar do chuid cáilíochtaí gairmiúla?** Fad is go bhfuil tú cáilithe chun oibre i do thír dhúchais, féadfaidh tú dul i mbun oibre in áit ar bith eile san Eoraip. Ciallaíonn an Prionsabal um Shaorghluaiseacht Oibrithe gur cheart go mbeifeá in ann do ghairm a chleachtadh i ngach tír de chuid an AE agus an LEE, ach bí cinnte go seiceálann tú gach sonraíocht poist go cúramach – éilíonn fostóirí airithe dioplómaí, teastais, nó cáilíochtaí éigin eile ó ham go ham freisin.
- **Céard faoi cháilíochtaí oideachais?** I láthair na huaire, níl aon córas uilechuimsitheach aitheantais le haghaidh cáilíochtaí oideachais san Eoraip, rud a chiallaíonn go bhféadfadh drogall a bheith ar fhostóir i dtír amháin oibrí ó thír éigin eile a fhostú mura dtuigeann siad an leibhéal cáilíochtaí atá acu. Táthar ar tí Creat Eorpach um Cháilíochtaí (EQF) an Choimsiúin Eorpaigh a chur i bhfeidhm. Áis aistriúcháin atá ann ar shlí a bhfuil sé mar aidhm aige cáilíochtaí náisiúnta a shoiléiriú ar fud na hEorpa. Idir an dá linn, cinntigh go bhfuil do CV ríshoiléir, agus tarraing aird ar an méid atá foghlamtha agat agus an bhaint atá aige sin leis an bpost a bhfuil tú ag déanamh iarratas air.
- **An bhfuil do theaghlach ag bogadh leat?** Mar shaoránach de chuid na hEorpa, tá na cearta céanna agatsa agus ag do theaghlach agus atá ag oibrithe náisiúnta. Féadfaidh siad staidéar nó obair i do thír cheannscríbe, dá bhrí sin, déan deimhin de go bhfuil eolas éigin agat ar na deiseanna a bheidh le fáil ag do theaghlach sula dtugann tú aghaidh ar thír éigin eile.

# Cé a fhéadfaidh cabhrú leat post a aimsiú thar lear?

Tá cinneadh déanta agat bogadh agus anois tá níos mó eolais uait. Beidh neart acmhainní agus comhairle le fáil agat i gcaitheamh an phróisis.

- **EURES, an Líonra um Poist Eorpacha** Cuimsíonn EURES na tíortha ar fad de chuid an AE/LEE mar aon leis an Eilvéis agus soláthraíonn sé réimse seirbhísí.

  - **Tairseach EURES um Shoghluaisteacht ó Phost go Chéile.** Soláthraíonn tairseach EURES eolas maidir le folúntais oibre in 31 tír, rud a thugann deis duit próifíl a chruthú duit féin agus do CV a chlárú, mar aon le sonraí a fháil maidir le coinníollacha maireachtála agus oibre ar fud na hEorpa. Chomh maith leis sin, féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh le hIonad Teagmhála EURES, an 'lárionad ilfhreastail' ('one-stop shop') d'úsáideoirí na tairsí a mbíonn deacrachtaí acu. Má theastaíonn cúnamh uait chun cuntas a chruthú, CV a fhorbairt nó folúntais a chuardach, mar shampla, tá foireann an Ionaid Teagmhála ar fáil trí mheán comhrá, r-phoist, teileafóin nó VoIP (Prótacal Idirlín Guthaithe). Téigh chuig http://eures.europa.eu le haghaidh sonraí teagmhála.
  - **Líonra de Chomhairleoirí EURES.** Tá breis agus 800 Comhairleoir ag EURES in 31 tír; comhairleoirí atá ag obair i gcomhar le Seirbhísí Fostaíochta Poiblí náisiúnta chun eolas soghluaisteachta a sholáthar do lucht cuardaigh fostaíochta. Féadfar dul i mbun teagmhála leis na comhairleoirí seo trí mheán teileafóin, r-phoist nó cruinnithe pearsanta.
  - **EURES sna réigiúin trasteorann.** Tá obair agus maireachtáil in dhá thír dhifriúla ar an gcineál soghluaisteachta fostaíochta is coitianta agus tá EURES gníomhach i réigiúin trasteorann ar fud na hEorpa. Tá eolas le haghaidh oibrithe trasteorann le fáil ar thairseach EURES, agus óna gComhairleoir EURES áitiúil ar ndóigh.

- **Gníomhaireachtaí earcaíochta príobháideacha.** Is cuma más i do thír dúcháis nó i dtír do rogha atá tú, féadfaidh gníomhaireachtaí fostaíochta príobháideacha eolas ginearálta agus seirbhís éifeachtach meaitseála poist a sholáthar. Féadfaidh a gcomhairleoirí siúd eolas a thabhairt duit maidir leis na céimeanna éagsúla den phróiseas earcaíochta. Roimh chlárú, ba chóir duit a fháil amach an ngearrann siad táille ar a gcuid seirbhísí.

- **Innill chuardaigh poist ar líne.** Tá roinnt inneall cuardaigh fostaíochta a thugann deis duit CV a chruthú, próifíl cuardaitheora fostaíochta a fhorbairt, fógraí a fháil maidir le tairiscintí spéisiúla oibre, agus folúntais a fheiceáil. Roimh chlárú, ba chóir duit a fháil amach an ngearrtar táille ar an tseirbhís seo, agus ba chóir nádúr na bpost fógartha a dheimhniú freisin.

- **Gréasáin soghluaisteachta na hEorpa** Le cois EURES, tá roinnt gréasán soghluaisteachta eile a d'fhéadfadh a bheith úsáideach
  Tá liosta iomlán de ghréasáin soghluaisteachta na hEorpa le fáil ag http://ec.europa.eu/contact-points.

**Rabhadh**

Bí aireach i leith gníomhaireachta a lorgaíonn airgead uait sula gcuirtear liosta folúntas chugat. Tá sé seo mídhleathach. Bain úsáid as líonra nó eagraíocht chreidiúnach.

# Conas is féidir le EURES cabhrú?

Tá seirbhísí EURES ar fáil saor in aisce do lucht cuardaigh fostaíochta de bhunadh na hEorpa – roimh, i rith, agus i ndiaidh an chuardaigh poist. Féadfaidh EURES an t-eolas is déanaí faoin margadh saothair a sholáthar mar aon le comhairle i ndáil le do chuardach poist.

- Bíonn thart ar 1 mhilliún folúntas ó ar fud na hEorpa le fáil ar **Thairseach EURES um Shoghluaisteacht ó Phost go Chéile,** mar aon leis na mílte fostóirí cláraithe. Cuireann sé ar chumas lucht cuardaigh fostaíochta na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

- Próifíl a chruthú a thugann deis duit earnálacha nó tíortha suimiúla a mharcáil, agus fógraí rphoist a fháil faoi fholúntais ábhartha;
- CV a fhorbairt agus a chothabháil i dteanga amháin nó i roinnt teangacha éagsúla. Is féidir an CV a chruthú ar líne freisin, ionas go mbeidh sé le feiceáil ag an 20 000 fostóir atá cláraithe ar an tairseach;
- Eolas a fháil maidir le obair agus maireachtáil i do rogha tíre;
- Laethanta Fostaíochta na hEorpa agus imeachtaí earcaíochta eile i do cheantar féin a chuardach trí úsáid a bhaint as an bhFéilire Imeachtaí;
- Sonraí teagmhála do Chomhairleora EURES áitiúil a fháil;
- Cumarsáid a dhéanamh le lucht cuardaigh fostaíochta eile agus leideanna agus pointí a roinnt maidir le cuardach poist, agus obair agus maireachtáil thar lear.

- Is daoine proifisiúnta iad **Comhairleoirí EURES** ar féidir leat teagmháil a dhéanamh leo chun eolas agus comhairle a fháil am ar bith i rith an chuardaigh fostaíochta agus an phróisis aistrithe. Tá saineolas ag Comhairleoirí EURES ar na réimsí praiticiúla, dlí agus riaracháin a bhaineann le soghluaisteacht fostaíochta san Eoraip.

- **Is féidir le Comhairleoirí EURES:**

- Deiseanna suimiúla a mholadh, bunaithe ar do phróifíl;
- Cuidiú leat maidir le d'iarratas ar phost;
- Do CV a chur ar aghaidh go fostóirí ionchais;
- Faisnéis a thabhairt duit ar na coinníollacha oibre agus maireachtála i do thír cheannscríbe;
- Cabhrú leat socrú síos i do thír nua trí faisnéis a sholáthar ar chóiríocht, slándáil shóisialach, agus cánacha, mar shampla;
- Eolas mionsonraithe a sholáthar ar scoileanna agus cúram sláinte do do theaghlach.

Tá sonraí teagmhála do Chomhairleora EURES áitiúil le fáil ar thairseach EURES, mar aon le heolas eile faoi sheirbhísí EURES.

### Imeachtaí EURES

Gach bliain, reáchtáiltear na mílte imeachtaí EURES ar fud na hEorpa, Laethanta Fostaíochta na hEorpa ina measc – imeachtaí a thugann deis iontach duit bualadh le fostóirí nua. Le cois Laethanta Fostaíochta na hEorpa, eagraíonn EURES roinnt comhdhálacha, seimineár agus laethanta faoi eolas soghluaisteachta ina mbíonn Comhairleoirí EURES ar fáil chun sainchomhairle a thabhairt maidir le post a aimsiú san Eoraip. Tá an t-eolas is déanaí maidir le himeachtaí a bheidh ar siúl i d'earnáil féin le fáil ar an bhFéilire Imeachtaí ar thairseach EURES.

# Próiseas an iarratais ar phost

**Iarratas a dhéanamh ar phost**

Tá deis suimiúil faighte agat, an bhfuil? Anois níl le déanamh agat ach iarratas a chur i dtoll a chéile a tharraingeoidh aird mar is cuí ort!

Go hiondúil is éard a bhíonn i gceist le hiarratas ná litir chumhdaigh agus do CV, cé go mb'fhéidir go n-éileodh fostóirí áirithe ort foirm iarratais chaighdeánach a chomhlánú. Ná dearmad – is é seo an chéad deis a bheidh agat dul i bhfeidhm ar an bhfostóir, bí cinnte go bhfuil gach rud in ord agus in eagar.

- **An litir chumhdaigh.** Ba chóir go mbeadh eolas le fáil faoin spéis atá agat sa phost sa litir chumhdaigh, an chúis gur iarrthóir feiliúnach don phost tú, agus an tslí a gcuirfidh tú leis an gcuideachta trí chéile. Déan deimhin de go bhfuil an friotal soiléir agus sothuigthe, agus ná scríobh barraíocht.
- **Ag ullmhú le haghaidh agallaimh.** D'fhéadfadh gur agallamh beo a bheadh anseo nó agallamh teileafóin – bíodh sin mar atá, ní mór a bheith ullmhaithe. Tabhair leat cibé cáipéisíocht a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil, do CV nó do chárta aitheantais mar shampla, ar eagla na heagla.

- **Bíodh eolas agat ar an gcuideachta** Déan deimhin de go bhfuil gach rud ar eolas agat faoin gcuideachta atá i gceist. Ullmhaigh roinnt ceisteanna suimiúla faoin eagraíocht; léirigh go bhfuil do chuid taighde déanta agat.
- **Bíodh eolas agat ar an bpost.** Is í an tsonraíocht phoist an sampla is fearr atá agat d'ábhar an agallaimh. An leagtar béim ar obair foirne, obair as do stuaim féin, solúbthacht, mar shampla? Taispeáin go bhfuil tú in ann na riachtanais seo ar fad a chomhlíonadh le samplaí coincréiteacha ón taithí atá faighte agat go dtí seo. Cuir in iúl go bhfuil na scileanna a theastaíonn uathu agatsa!
- **Bí ag súil leis an rud nach bhfuil súil leis** Bí ag súil le ceisteanna casta nó ceisteanna a thagann aniar aduaidh ort, agus ná caill do mhisneach. Taispeáin gur féidir leat déileáil leis an strus ach smaoineamh ar feadh soicind ar an gceist agus ansin freagra stuama, ciallmhar a thabhairt. Is cuma mura bhfuil an freagra ar eolas agat; beidh suim acu san fhreagra a thabharfaidh tú agus sa bhealach a rachfaidh tú sa tóir ar eolas nua.

**An CV**

- **Liostaigh do chuid taithí agus cáilíochtaí is déanaí ar dtús;**
- **Bain úsáid as abairtí gearra agus friotal dearfach. Bíodh sé ábhartha i gcónaí;**
- **Tarraing aird ar na freagrachtaí atá ag gabháil leis an bpost agus úsáid briathra 'gníomhacha';**
- **Bí cinnte go bhfuil do CV fíriciúil, suas chun dáta, agus cruinn;**
- **Déan iarracht gan dul thar dhá leathanach ar a mhéad le do CV;**
- **Iarr ar dhuine eile léamh profaí a dhéanamh ar do CV, de rogha, duine a bhfuil an teanga iarratais acu ó dhúchas.**

# Tairseach EURES um Shoghluaisteacht ó Phost go Chéile

## Príomhrannóga

Ar phríomhleathanach an lucht cuardaigh fostaíochta tá eolas le fáil faoi bheith ag obair thar lear, ag ullmhú le haghaidh agallaimh, agus socrú isteach i dtír nua. Tá eolas le fáil sa rannóg seo freisin faoi dheiseanna oideachais agus oiliúna atá á soláthar ag an gCoimisiún Eorpach ar fud na hEorpa.


1 Sa rogha ***Cruthaigh cuntas MO EURES*** ceadaítear duit do CV a chruthú agus a riar i roinnt teangacha éagsúla, agus i bhformáid Europass más mian leat. Chomh maith leis sin, féadfaidh tú do phróifíl cuardaigh fostaíochta ar líne a riar agus fógraí r-phoist maidir le folúntais suimiúla a fháil.

2 Mínítear in ***Cuardaigh Post*** conas post a fháil trí úsáid a bhaint as tairseach EURES.

3 Tá comhairle le fáil in ***Faigh cabhair*** dóibh siúd ag úsáid na tairsí a mbíonn deacrachtaí teicniúla acu. Tá foireann Ionad Teagmhála EURES ar fáil le do chuid ceisteanna a fhreagairt ar an teileafón, trí r-phoist nó VoIP (Prótacal Idirlín Guthaithe) fiú amháin.

4 Taispeánann an ***Féilire Imeachtaí*** na himeachtaí spéisiúla a bheidh ar siúl i do cheantar féin amach anseo. Coinnigh súil ar imeachtaí earcaíochta nó ar sheisiúin eolais ghinearálta soghluaisteachta le Comhairleoirí EURES.

5 Tá eolas praiticiúil, dlí agus riaracháin maidir le soghluaisteacht le fáil in ***Maireachtáil & Obair.*** Féadfaidh tú treochtaí reatha i margadh saothair na hEorpa a chuardach bunaithe ar thír, ar réigiún agus ar an earnáil gníomhaíochta. Chomh maith leis sin, féadfaidh tú breathnú ar na físeáin Cheannscríbe – físeáin ghearra a thugann léargas soiléir ar na coinníollachta oibre agus maireachtála ábhartha i dtír faoi leith, físeáin atá ar fáil ar thairseach EURES.






4

6 Trí chliceáil ar ***Naisc*** tiocfaidh tú ar láithreáin ghréasáin eile a bhíonn ag déileáil le soghluaisteacht fostaíochta san Eoraip, Seirbhísí Fostaíochta Poiblí san áireamh, mar aon le raon foilseachán a chabhróidh leat agus tú ag cuardach.

### *Rannóga nua ar thairseach EURES*

***Aontaí Post Fíorúla***

Aonach Poist i ndáiríre, ach é fíorúil! Tabharfar eolas duit faoi imeachtaí a bheidh ar siúl amach anseo ar leathanach baile EURES, agus beidh deis agat féachaint ar láithreoireachtaí fostóirí éagsúla mar aon le hiarratais a dhéanamh agus coinní a eagrú labhairt le hearcaitheoirí agus le Comhairleoirí EURES.

***Match and Map***

Uirlis a mheaitseálann an t-eolas a sholáthraítear i do CV ar líne go huathoibríoch le folúntais reatha. Taispeánfaidh torthaí an chuardaigh duit cá bhfuil na deiseanna atá á lorg agat ar fáil. Beidh Match and Map ar fáil de réir a chéile ar thairseach EURES ó 2011 ar aghaidh.

# Imeacht agus teacht

Uaireanta bíonn imní ar dhaoine faoina dtír dhúchais féin a fhágáil agus aghaidh a thabhairt ar thír éigin eile. Caithfear dul i ngleic le próisis riaracháin, bualadh le daoine, agus b'fhéidir teanga nua a fhoghlaim. Féadfaidh tú comhairle agus eolas a fháil ach teagmháil a dhéanamh le do Chomhairleoir EURES áitiúil sula bhfágann tú.

Seo roinnt leideanna ó EURES chun an próiseas a eascú:

### Imeacht

- Déan deimhin de go bhfuil na coinníollacha ar fad comhlíonta agat agus cuir na conarthaí atá agat le do sholáthraithe seirbhíse ar ceal;
- Inis do d'údarás áitiúil go bhfuil tú ag imeacht, más gá;
- Athraigh do sheoladh poist agus soláthair do sheoladh seachadta nua le haghaidh post ar bith a thiocfaidh ann duit tar éis duit a bheith imithe;
- Ná dearmad na cáipéisí tábhachtacha a thabhairt leat – pas bailí, nó cárta aitheantais agus víosa, más gá, duit féin agus do do theaghlach.

### Teacht

- **Tithíocht.** Is fiú iniúchadh a dhéanamh ar roghanna cóiríochta sula dtugann tú aghaidh ar do thír nua ionas go mbeidh barúil agat faoi na ceantair a fheileann do do bhuiséad agus do do riachtanais.
- **Slándáil Shóisialach.** Bronntar na sochair slándála sóisialaí uile a bhaineann le conradh fostaíochta sa tír go cothrom ar shaoránaigh uile an AE/an LEE. Cumhdaíonn sochair shóisialacha saoire bhreoiteachta agus saoire mháithreachais, sochair dhífhostaíochta agus teaghlaigh, timpistí ag an obair agus sochair cheirde, pinsean easláine agus pinsean scoir. Ba chóir duit teagmháil a dhéanamh le d'institiúid slándála shóisialach sula bhfágann tú do thír dhúchais agus an t-eolas riachtanach ar fad a fháil, mar aon le foirmeacha riachtanacha an AE.
- **An Cárta Eorpach um Árachas Sláinte.** Tá an cárta seo ar fáil saor in aisce ag gach saoránach de chuid tíortha an AE/LEE agus na Eilvéise, agus is bealach é an cárta seo lena chinntiú go mbeidh an rochtain chéanna agat ar chúram sláinte éigeandála san earnáil phoiblí (amhail dochtúirí, cógaslanna, ospidéil) agus a bheidh ag náisiúnaigh na tíre ina bhfuil tú. Ba cheart duit eolas a lorg faoi árachas sláinte náisiúnta a fháil i do thír nua a luaithe agus a bhaineann tú an tír sin amach agus tú féin a chlárú.
- **Cánachas.** Tá na tíortha Eorpacha tar éis comhaontuithe cánach déthaobhacha a chur i gcrích le nach mbeadh a gcuid saoránaigh ag íoc faoi dhó as an ngníomhaíocht nó as an ioncam céanna i dtír eile de chuid an AE. Ba cheart duit teagmháil a dhéanamh leis na húdaráis chuí i do thír dhúchais chun comhairle phearsanta a fháil.
- **Breis faisnéise.** Is féidir le EURES breis eolais a sholáthar faoi na hábhair seo. Tabhairt cuairt ar na leathanaigh Maireachtáil & Obair ar Thairseach EURES nó déan teagmháil le do Chomhairleoir EURES áitiúil.

# Soghluaisteacht d'fhiontraithe



Is iad na fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBM) atá mar bhonn le geilleagar na hEorpa. Is FBM iad breis agus 99% de ghnóthais na hEorpa. Braitheann fiontair den chineál seo go mór ar smaointe agus ar dhíograis na bhfiontraithe – dá bhrí sin, luíonn sé le réasún go bhfuil níos mó saoránach de chuid na hEorpa ná riamh ag iarraidh fiontair dá gcuid féin a bhunú i dtír éigin eile.

Dóibh siúd ar spéis leo gnó a bhunú áit éigin eile san Eoraip, seo thíos roinnt moltaí:

- **Cruthaigh plean gnó.** Déan deimhin de go bhfuil a fhios agat go díreach cén cineál gnó a bheidh i gceist, an costas a bhainfidh le bunú an ghnó, an méid ama a bheidh i gceist, na próisis riaracháin a bheidh le cur i gcrích. Ná fan go dtí go mbainfidh tú amach do cheannscríbe – beidh sé níos éasca an obair seo a chur i gcrích i do thír dhúchais. Déan teagmháil le do Chomhlachas Tráchtála Áitiúil, mar is minic a bhíonn cúrsaí á reáchtáil acu maidir le plean gnó cuimsitheach a chur i dtoll a chéile.
- **Cur aithne ar do thír nua.** Tabhair cuairt nó dhó ar an tír sula n-aistríonn tú ann. Bíodh a fhios agat conas a fheidhmíonn an córas baincéireachta, na cleachtais dlí agus riaracháin, na daoine agus an cultúr. An gá duit teanga a fhoghlaim? Is maith an smaoineamh é cúrsa a dhéanamh i do thír dhúchais ionas go mbeidh tuiscint mhaith agat ar an teanga sula n-aistríonn tú.
- **Faigh comhairle ó fhiontraí eile**. Déan teagmháil le duine éigin a bhfuil gnó bunaithe aige sa tír atá roghnaithe agat. Ní bheidh comhairle níos fearr le fáil ná ó dhuine a bhfuil an méid atá beartaithe agatsa curtha i gcrích aige cheana féin.

Tá líonra daoine agus eagraíochtaí bunaithe ag EURES a bheidh in ann comhairle a thabhairt duit maidir le gnó a bhunú. Déan teagmháil le do Chomhairleoir EURES áitiúil chun breis eolais a fháil.

Cabhraíonn an Líonra Fiontar Eorpach (Enterprise Europe Network) le gnóthais bheaga leas a bhaint as margadh oscailte na hEorpa. Mar fhiontraí, gheobhaidh tú neart eolais ó cheann ar bith den 572 balleagraíocht ar fud an AE agus níos faide i gcéin. Tabhair cuairt ar enterprise-europe-network.ec.europa.eu.

# Margaí saothair trasteorann



Is éard atá i gceist le margadh saothair trasteorann ná limistéar inar féidir le hoibrithe atá ag maireachtáil i dtír amháin taisteal gach lá nó gach seachtain chun oibre i dtír bhéal dorais. Tarlaíonn sé seo go coitianta ar fud na hEorpa – tá breis agus 600 000 duine ag obair i dtír Eorpach éagsúil leis an tír a bhfuil cónaí orthu inti.

**Tá roinnt buntáistí le bheith i d'oibrí trasteorann:**

- D'fhéadfadh an margadh saothair sa tír bhéal dorais a bheith níos láidre ná an margadh saothair i do thír féin;
- Ní gá go mbogfadh do theaghlach leat, rud a chiallaíonn gur féidir le páirtithe a gcuid post a choimeád agus gur féidir le leanaí fanacht ag freastal ar an gcóras oideachais ina bhfuil siad;
- Is iondúil gur féidir árachas sláinte agus slándáil shóisialta a choimeád i do thír féin, rud a chiallaíonn go bhfuil an próiseas níos éasca.


Ar ndóigh, ní bhíonn comaitéireacht trasteorann gan deacracht. Bíonn ar oibrithe déileáil le cleachtais dhifriúla náisiúnta riaracháin agus dlí go laethúil, ach tá roinnt seirbhísí ar fáil le cabhrú le comaitéirí déileáil leis na nithe seo.

Tá EURES ag feidhmiú i mbreis agus 20 comhpháirtíocht trasteorann i mbreis agus 13 tír, rud a chuimsíonn Seirbhísí Fostaíochta Poiblí chun freastal ar riachtanais faisnéise agus comhordaithe idir tíortha.

**Sna réigiúin trasteorann, tá EURES ar fáil chun:**

- Lucht cuardaigh fostaíochta a mheaitseáil le folúntais i dtír bhéal dorais;
- Eolas a sholáthar faoi obair agus maireachtáil in dhá thír Eorpacha dhifriúla agus cabhrú leat maidir leis na gnéithe dlí, riaracháin agus praiticiúla;
- Monatóireacht a dhéanamh ar na margaí saothair sa dá thír, agus ar an tslí sin, an t-eolas is déanaí maidir le folúntais a thabhairt do lucht cuardaigh fostaíochta.

# Cá háit ar féidir teacht ar EURES san Eoraip?



Tíortha an AE: An Ostair, an Bheilg, an Bhulgáir, an Chipir, Poblacht na Seice, an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Ungáir, Éire, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóvaic, an tSlóivéin, an Spáinn, an tSualainn, an Ríocht Aontaithe.

Tíortha an LEE: AE-27 + an Iorua, an Íoslainn, Lichtinstéin

An Eilvéis

EURES sna réigiúin trasteorann

**An bhfuil an Comhairleoir EURES is cóngaraí á lorg agat?**
**Téigh chuig http://eures.europa.eu**

# Breisluach EURES




## Seirbhís phearsanta, phroifisiúnta

Tá breis agus 800 Comhairleoir EURES le fáil in 31 tír, comhairleoirí ar saineolaithe iad i réimse na soghluaisteachta saothair san Eoraip. Tá na comhairleoirí seo ar fáil le labhairt leat agus le comhairle phearsanta a sholáthar bunaithe ar do chuid scileanna, cáilíochtaí, rogha gairm, mar aon lena chinntiú go mbeidh tacaíocht ar fáil i rith an phróisis aistrithe. Tabhair cuairt ar thairseach EURES, áit a bhfuil sonraí maidir le do Chomhairleoir EURES áitiúil le fáil.

## Laethanta Fostaíochta na hEorpa

Ó 2005 i leith, bíonn an Coimisiún Eorpach agus EURES ag comhoibriú le gníomhairí éagsúla eile ar spéis leo soghluaisteacht an mhargaidh saothair chun Laethanta Fostaíochta na hEorpa a eagrú. I rith an chéad shéasúr de Laethanta Fostaíochta na hEorpa i mí Mheán Fómhair 2006, d'fhreastail cuardaitheoir fostaíochta agus fostóirí ina mílte ar 500 imeacht a eagraíodh i mbreis agus 300 cathair Eorpach. I bhfianaise chomh maith is a d'éirigh leis na chéad imeachtaí seo, chinn an Coimisiún Eorpach iad a reáchtáil gach bliain.

Is éard a bhíonn i gceist le Lá Fostaíochta na hEorpa ná deis d'fhostóirí agus do lucht cuardaigh fostaíochta bualadh lena chéile, agus ceardlanna, seimineáir, agus díospóireachtaí a eagrú faoi shoghluaisteacht mhargadh saothair na hEorpa. Bíonn deis ag na rannpháirtithe a gcuid pleananna a phlé agus a gcuid ceisteanna a chur faoi bhráid saineolaithe éagsúla, lena n-áirítear, ar ndóigh, Comhairleoirí EURES.

Is cinnte go gcuirfidh saoránaigh de chuid na hEorpa ar spéis leo aistriú spéis i ngné éigin de na himeachtaí seo. Tá an t-eolas is déanaí maidir leis na himeachtaí a bheidh ar siúl go háitiúil le fáil ar an bhFéilire Imeachtaí ar thairseach EURES.

Ar a gcuid staidéir a chur i gcrích dóibh, chinn na céimithe Agne agus Remigijus ó Klaipeda, sa Liotuáin, gur mhaith leo taithí oibre a fháil i dtír ina bhféadfaidís cur lena gcuid scileanna teanga agus tuarastal maith a thuilleamh. Le linn di a bheith ag brabhsáil ar an Idirlíon, tháinig Agne ar eolas faoi EURES agus chinn teagmháil a dhéanamh leis an gComhairleoir EURES áitiúil, Margarita Mankute. Tamall ina dhiaidh sin, bhí Agne agus Remigijus ar tí tús a chur le heachtra nua san Iorua, ag obair ar chonradh do chuideachta glantacháin in ionad sciála in Hemsedal, thart ar 230 ciliméadar ó Osló. Tá Agne agus Remigijus ag baint taitnimh as an saol san Iorua: 'Tá an tír go hálainn agus tá na daoine cairdiúil – ní raibh deacracht ar bith againn socrú isteach anseo! Chabhraigh ár gComhairleoir EURES linn ag gach céim, rud a chinntigh go raibh a laghad deacrachtaí againn agus ab fhéidir!'

# Dea-bharúlacha



## Fostóir

'Tacaíonn gem le 29 teanga dhifriúla i measc ár mbonn domhanda cliant a áiríonn Microsoft, Clearwire, Cisco, Electronic Arts agus King.com. Tá Comhairleoirí EURES fíorchabhrach i ndáil le tacú linn fostaithe le sainscileanna teanga a aimsiú.'

*Marcella McKeever, Ceannaire Earcaíochta, gem, Béal Feirste, Tuaisceart Éireann*

## Fostaí

'Ní bhíonn mórán ama ag mac léinn leighis taithí a fháil thar lear ach thug EURES deis dom m'aisling a chur i gcrích. A bhuíochas ar an intéirneacht a rinne mé sa Ríocht Aontaithe, ní hamháin gur tháinig feabhas ar mo chuid Béarla ach d'fhoghlaim mé go leor faoi chóras leighis na Breataine, agus chas mé le daoine deasa a chabhraigh liom socrú isteach.'

*Laura Zanisi, mac léinn leighis, an Iodáil*

An Coimisiún Eorpach

**Ag aimsiú poist san Eoraip – treoir don lucht cuardaigh fostaíochta**

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

2010 – 13 lch. – 14,8 × 21 cm

ISBN 978-92-79-15968-8

doi:10.2767/61803

Tá an foilseachán seo ar fáil i bhformáid chlóite i dteangacha oifigiúla uile an AE mar aon leis an Íoslainnis agus an Ioruais

KE-31-10-453-GA-C

An bhfuil suim agat i bhfoilseacháin na hArdstiúrthóireachta um Fhostaíocht, um Ghnóthaí Sóisialta agus um Chomhdheiseanna?
Má tá, is féidir leat iad a íoslódáil, nó tú féin a chlárú mar shíntiúsóir saor in aisce, ó
*http://ec.europa.eu/social/publications*

Chomh maith leis sin, féadfaidh tú clárú chun an nuachtlitir leictreonach, An Eoraip Shóisialta, de chuid an Choimisiúin Eorpaigh a fháil saor in aisce ag
*http://ec.europa.eu/social/e-newsletter*

**www.facebook.com/euresjobs**
**www.facebook.com/socialeurope**

**http://eures.europa.eu**

**http://ec.europa.eu/social**

Oifig na bhFoilseachán

ISBN 978-92-79-15968-8